2025/111

24.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/111 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le haeracmhainneacht leanúnach i gcás aerárthaí faoi thiomáint leictreach agus hibrideach agus aerárthaí neamhghnácha eile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(1), pointe (b) agus pointí (d) go (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí, lena n-áirítear cáilíochtaí agus ceadúnais an phearsanra atá freagrach as táirgí a scaoileadh chun seirbhíse tar éis cothabhála.

(2) Sonraítear go sainráite i Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 na catagóirí aerárthaí lena mbaineann na ceanglais, is é sin eitleán, héileacaptar nó rótarárthach, seoleitleán, balún agus aerlong. Tá aerárthaí neamhghnácha áirithe ann, a eascraíonn go príomha as forbairtí tionsclaíocha le déanaí, ar a dtugtar aerárthaí soghluaisteachta aeir nua, nach dtagann faoi aon cheann de na catagóirí aerárthaí thuasluaite. Cruthaíonn sé sin éiginnteacht dhlíthiúil i ndáil le hinfheidhmeacht gnéithe sonracha den chreat rialála atá ann faoi láthair maidir leis na haerárthaí sin. Ina theannta sin, ba cheart laghduithe atá ann cheana a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 is infheidhme maidir le haerárthaí lena mbaineann riosca sábháilteachta inchomparáide a leathnú freisin chun aerárthaí neamhghnácha de réir analaí a chumhdach.

(3) Ar an gcaoi chéanna, tá bearnaí rialála ann mar gheall go mbíonn Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 saintreorach uaireanta maidir leis an gcóras tiomána aerárthaigh, gan ach innill loiní agus innill tuirbín a mheas mar chóras tiomána d'eitleáin agus do héileacaptair. Níl sé sin i gcomhréir le forbairtí tionsclaíocha nua a chuireann córais tiomána eile san áireamh, amhail innill leictreacha nó cinn hibrideacha. Is gá freastal ar aistriú rianúil do na rialacha nua freisin ionas nach gcuirfidh siad bac ar thabhairt isteach eitleán beag leictreach, go háirithe i ndáil lena gceadúnas cothabhála aerárthaigh.

(4) Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí rialála sin, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais maidir le haon fhorbairt aerárthaigh atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo agus maidir lena chóras tiomána.

(5) Trí na haerárthaí claonrótair uile a mheas mar aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha, ní raibh Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 oiriúnach do na haerárthaí is simplí toisc go raibh na ceanglais dhiana is infheidhme maidir le haon aerárthach atá á chumhachtú le mótair choimpléascacha infheidhme freisin maidir leis na haerárthaí claonrótair is simplí, ar cheart feidhm a bheith ag ceanglais nach bhfuil chomh dian sin ina leith i gcomparáid le haerárthaí simplí i gcatagóirí eile, is iad sin eitleáin agus héileacaptair. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach a leasú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí agus táirgí, páirteanna agus fearas aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1321/oj).

(7) Tá na leasuithe bunaithe ar Thuairim Uimh. 04/2024 ([3]) ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointe (b), agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (u):

'(u) ciallaíonn 'aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach':

(i) eitleán:

— a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh aige is mó ná 5 700 kg, nó

— atá deimhnithe d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán déag, nó

— atá deimhnithe chun oibriú le foireann íosta de bheirt phíolótaí ar a laghad, nó

— atá feistithe le hinneall turba-scairde nó le hinnill turba-scairde nó le níos mó ná inneall turba-liáin amháin, nó

(ii) héileacaptar atá deimhnithe:

— d'uasmhais éirí de thalamh is mó ná 3 175 kg, nó

— d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán, nó

— chun oibriú le foireann íosta de bheirt phíolótaí ar a laghad, nó

(iii) aerárthach neamhghnách atá deimhnithe:

— d'uasmhais éirí de thalamh is mó ná 5 700 kg, nó

— d'uasmhais éirí de thalamh is mó ná 3 175 kg más féidir leis luas cothrománach nialasach a choinneáil ar bun le linn eitilte, nó

— d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán.';

(c) cuirtear isteach na pointí (v), (w), (x) agus (y) seo a leanas:

'(v) ciallaíonn 'eitleán' aerárthach sciatháin dhobhogtha inneall-tiomáinte is troime ná an t-aer agus a fhaigheann tacaíocht le linn eitilte ó fhrithghníomhú dinimiciúil an aeir in aghaidh a sciatháin;

(w) ciallaíonn 'rótarárthach' aerárthach cumhacht-tiomáinte, is troime ná an t-aer a bhraitheann go príomha dá thacaíocht le linn eitilte ar an ardú a ghineann suas le dhá rótar;

(x) ciallaíonn 'héileacaptar' cineál rótarárthaigh a fhaigheann tacaíocht le linn eitilte den chuid is mó ó fhrithghníomhuithe an aeir ar suas le dhá rótar chumhacht-tiomáinte ar aiseanna atá ingearach a bheag nó a mhór;

([3]) Tuairim 04/2024 an 19 Meitheamh 2024 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, *New air mobility – Contining airworthiness rules for electric- and hybrid-propulsion aircraft and other non-conventional aircraft* [Soghluaisteacht aeir nua – Rialacha aeracmhainneachta leanúnaí le haghaidh aerárthaí tiomána leictrí agus hibridí agus aerárthaí neamhghnácha eile] (Fothasc 1).

(y) ciallaíonn ‘aerárthach neamhghnách’ aerárthach cé is moite d’eitleán, héileacaptar, seoleitleán, balún nó aerlong.’;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Beidh feidhm ag ceanglais Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) maidir leis na nithe seo a leanas cé is moite d’aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha:

(a) eitleáin d’uasmhais éirí de thalamh 2 730 kg nó faoina bhun;

(b) héileacaptair d’uasmhais éirí de thalamh 1 200 kg nó faoina bhun, agus iad deimhnithe do suas le ceathrar taistealaithe ar a mhéad;

(c) aerárthaí ELA2 eile;

(d) aerárthaí neamhghnácha ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh:

(i) 1 200 kg nó faoina bhun más féidir leo luas cothrománach nialasach a choinneáil ar bun le linn eitilte, nó

(ii) 2 730 kg nó faoina bhun i gcás aerárthaí eile cé is moite de na cinn i bpointe (i).

I gcás ina liostaítear aerárthach dá dtagraítear sa chéad fhomhír i ndeimhniú aeroibreora aeriompróra arna cheadúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, beidh feidhm ag ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Chun go liostófar aerárthach dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, i ndeimhniú aeroibreora aeriompróra arna cheadúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, comhlíonfaidh an t-aerárthach na ceanglais uile seo a leanas:

(a) tá a chlár cothabhála aerárthaigh formheasta ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe M.A.302 d’Iarscríbhinn I (Cuid-M);

(b) tá an chothabháil chuí a cheanglaítear leis an gclár cothabhála dá dtagraítear i bpointe (a) déanta agus deimhnithe i gcomhréir le pointí 145.A.48 agus 145.A.50 d’Iarscríbhinn II (Cuid-145);

(c) tá athbhreithniú aeracmhainneachta déanta agus deimhniú nua ar athbhreithniú aeracmhainneachta eisithe i gcomhréir le pointe M.A.901 d’Iarscríbhinn I (Cuid-M).’;

(3) in Airteagal 5, cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

‘8. De mhaolú ar phointe 66.A.3(1)(b) agus phointe 66.A.45(a) d’Iarscríbhinn III (Cuid-66), go dtí an 13 Feabhra 2028, féadfar eitleán ag a bhfuil córas tiomána leictreach agus MTOM faoi bhun 5 700 kg a fhormhuiniú i gceadúnas le fochatagóir B1.1 nó B1.2 sna cásanna seo a leanas:

(a) tá 6 mhí ar a laghad de thaithí chothabhála ag sealbhóir an cheadúnais i leith aerárthaí a chumhdaítear leis an gcatagóir cheadúnais nó leis an bhfochatagóir cheadúnais le 24 mhí anuas;

(b) ní hé an t-eitleán atá á fhormhuiniú an chéad eitleán atá formhuinithe don (fho)chatagóir ábhartha; agus

(c) tá oiliúint i leith cineáil aerárthaigh déanta ag sealbhóir an cheadúnais i gcomhréir le Foscríbhinn III a ghabhann le hIarscríbhinn III (Cuid-66), tá an nós imeachta um fhormheas díreach oiliúna i leith cineáil aerárthaigh atá i bpointe 66.B.130 d’Iarscríbhinn III (Cuid-66) nó an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc i bpointe 66.A.45(da) d’Iarscríbhinn III (Cuid-66) leanta aige’.

(4) leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-M) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn II (Cuid-145) i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) leasaítear Iarscríbhinn III (Cuid-66) i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) leasaítear Iarscríbhinn IV (Cuid-147) i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(8) leasaítear Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) leasaítear Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO) i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Feabhra 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

I bhFoscríbhinn VII a ghabhann le hIARSCRÍBHINN I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, cuirtear na pointí 3a agus 3b seo a leanas isteach:

'3a. Cothabháil a dhéanamh ar an gcóras tiomána, ar cothabháil í a mbeadh gá an t-innill/na hinnill, na príomhcheallraí nó an bhreosla-chill/na breosla-chealla a dhíchóimeáil chun í a dhéanamh, cé is moite dá mbaint den aerárthach agus dá n-athshuiteáil (lena n-áirítear imthacaí innill a bhaint/a shuiteáil).

3b. Cothabháil a dhéanamh ar thaiscumair ardbhrú agus ar chomhpháirteanna a bhaineann le línte/córais ardbhrú a bhaineann leis an gcóras tiomána.'.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II (Cuid-145) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 mar a leanas:

(1) i bpointe (h)(2) de phointe 145.A.30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) baill foirne deimhniúcháin iomchuí a bhfuil rátáil aerárthaigh acu, atá cáilithe i gcatagóir C nó L5, de réir mar is infheidhme, agus a fhaigheann cúnamh ó bhaill foirne tacaíochta, mar a leagtar amach i bpointe 145.A.35(a)(1).';

(2) i bhFoscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (l) agus (m):

'(l) Tábla

AICME	RÁTÁIL	SRIAN	COTHABHÁIL THROM	GNÁTHCHOTHABHÁIL
AERÁRTHAÍ	A1 Eitleáin d'uasmhais éirí de thalamh (MTOM) os cionn 5 700 kg	[Sonrófar monaróir an eitleáin nó an grúpa nó an tsraith nó an cineál agus/nó na cúraimí cothabhála] *Sampla: Sraith Airbus A320*	[TÁ/NÍL] (*)	[TÁ/NÍL] (*)
	A2 Eitleáin de MTOM 5 700 kg agus faoina bhun sin	[Sonrófar monaróir an eitleáin nó an grúpa nó an tsraith nó an cineál agus/nó na cúraimí cothabhála] *Sampla: Sraith DHC-6 Twin Otter* Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear (ní indéanta ach d'aerárthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML))	[TÁ/NÍL] (*)	[TÁ/NÍL] (*)
	A3 Héileacaptair	[Sonrófar monaróir an héileacaptair nó an grúpa nó an tsraith nó an cineál agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] *Sampla: Robinson R44* Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear (ní indéanta ach d'aerárthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML))	[TÁ/NÍL] (*)	[TÁ/NÍL] (*)
	A4 Aerárthaí cé is moite d'aerárthaí A1, A2 agus A3	[Sonrófar an chatagóir aerárthaigh (seoleitleán, balún, aerlong, etc.), i gcás inarb infheidhme, an monaróir nó an grúpa nó an tsraith nó an cineál agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear (ní indéanta ach d'aerárthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML))	[TÁ/NÍL] (*)	[TÁ/NÍL] (*)
INNILL	B1 Tuirbín	[Sonrófar sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] *Sampla: Sraith PT6A*		
	B2 Loine	[Sonrófar monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála]		
	B3 Aonad cumhachta cúnta	[Sonrófar monaróir nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála]		
	B4 Innill cé is moite de B1, B2 agus B3	[Sonrófar monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála]		

AICME	RÁTÁIL	SRIAN	COTHABHÁIL THROM	GNÁTHCHOTHABHÁIL
COMHPHÁIRTEANNA SEACHAS INNILL IOMLÁNA NÓ AONAID CHUMHACHTA CHÚNTA	C1 Aerchóiriú & Aerbhrú	[Sonrófar cineál an aerárthaigh nó monaróir an aerárthaigh nó monaróir na comhpháirte nó an chomhpháirt ar leith agus/nó déanfar crostagairt do liosta cumais sa tuairisc agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála.] *Sampla: PT6A Rialaitheoir Breosla*		
	C2 Uatheitilt			
	C3 Cumarsáid agus Loingseoireacht			
	C4 Dorais — Haistí			
	C5 Cumhacht Leictreach & Soilsí			
	C6 Trealamh			
	C7 Inneall — Aonad cumhachta cúnta			
	C8 Rialtáin Eitilte			
	C9 Breosla			
	C10 Rótarárthach – Rótair			
	C11 Rótarárthach – Rótair			
	C12 Cumhacht Hiodrálach			
	C13 Córas Táisctha agus Taifeadta			
	C14 Fearas Tuirlingthe			
	C15 Ocsaigin			
	C16 Liáin			

AICME	RÁTÁIL	SRIAN	COTHABHÁIL THROM	GNÁTHCHOTHABHÁIL
	C17 Córas Neomatach & Folúis			
	C18 Cosaint oighir/báistí/dóiteáin			
	C19 Fuinneoga			
	C20 Gnéithe Struchtúracha			
	C21 Ballasta uisce			
	C22 Breisiú Tiomána			
	C23 Eile			
SEIRBHÍSÍ SPEISIALAITHE	D1 Tástáil Neamhscriosach	[Sonrófar modh(anna) ar leith TNS]		

(*) – Scrios de réir mar is iomchuí

(m) Eagraíocht chothabhála nach bhfuil ach fostaí amháin aici chun a gníomhaíochtaí cothabhála uile a phleanáil agus a dhéanamh, ní fhéadfar ach téarmaí formheasa teoranta a bheith aici. Is iad seo a leanas na huasteorainneacha is incheadaithe:

AICME	RÁTÁIL	SRIAN
AERÁRTHAÍ	A2	AERÁRTHAÍ DE MTOM 5 700 kg NÓ FAOINA BHUN AG A BHFUIL INNEALL LOINÍ nó CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH GAN BHREOSLA-CHILL
AERÁRTHAÍ	A3	HÉILEACAPTAR DE MTOM 3 175 kg NÓ FAOINA BHUN AG A BHFUIL INNEALL AONLOINE nó CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH GAN BHREOSLA-CHILL
AERÁRTHAÍ	A4	SEOLEITLEÁIN, BALÚN, AERLONGA AGUS AON AERÁRTHACH DE MTOM 3 175 kg NÓ FAOINA BHUN AG A BHFUIL INNEALL AONLOINE nó CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH GAN BHREOSLA-CHILL
INNILL	B2	NÍOS LÚ NÁ 450 HP
INNILL	B4	INNEALL LEICTREACH
COMHPHÁIRTEANNA SEACHAS INNILL IOMLÁNA NÓ AONAID CHUMHACHTA CHÚNTA	C1 GO C23	DE RÉIR AN LIOSTA CUMAIS
SEIRBHÍSÍ SPEISIALAITHE	D1 TNS	MODH(ANNA) TNS LE SONRÚ

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an t-údarás inniúil eagraíocht den sórt sin a theorannú a thuilleadh sna téarmaí formheasa ag brath ar chumais na heagraíochta sin.'.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/111/oj

Leasaítear Iarscríbhinn III (Cuid-66) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 mar a leanas:

(1) i bpointe 66.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as:

1. an liosta cineálacha aerárthaí a shainiú;
2. na teaglamaí aerfhráma/innill (nó córais tiomána) a áirítear i ngach rátáil cineáil aerárthaigh ar leith a shainiú;
3. maidir le haerárthach nach gcumhdaítear le haon chatagóir/fhochatagóir cheadúnais i bpointe 66.A.3, pointe (a), lena sainítear an chatagóir/ fhochatagóir cheadúnais nó na catagóirí/fochatagóirí ceadúnais is infheidhme lena dtugtar teideal do shealbhóir an cheadúnais pribhléidí phointe 66.A.20 a fheidhmiú ar an aerárthach sin.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 66.A.3:

'66.A.3 Catagóirí agus fochatagóirí ceadúnais

(a) Tá na catagóirí agus, i gcás inarb infheidhme, na fochatagóirí agus na rátálacha córais seo a leanas i gceist le ceadúnais chothabhála aerárthaí:

(1) Catagóir A:

(i) Roinntear catagóir A sna fochatagóirí seo a leanas:

— A1 Eitleáin Tuirbíntiomanta;

— A2 Eitleáin Loinethiomanta;

— A3 Héileacaptair Tuirbíntiomanta;

— A4 Héileacaptair Loinethiomanta.

(ii) Féadfar fochatagóirí A1 agus A3 a úsáid freisin i gcás aerárthaí nach gcumhdaítear le haon fhochatagóir A.

(2) Roinntear catagóir B1 sna fochatagóirí seo a leanas:

— B1.1 Eitleáin Tuirbíntiomanta;

— B1.2 Eitleáin Loinethiomanta;

— B1.E Eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach agus MTOM faoi bhun 5 700 kg;

— B1.3 Héileacaptair Tuirbíntiomanta;

— B1.4 Héileacaptair Loinethiomanta.

(3) Catagóir B2

Tá an ceadúnas B2 infheidhme maidir le gach aerárthach.

(4) Catagóir B2L

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/111/oj

IO L, 24.1.2025

Tá an ceadúnas B2L infheidhme maidir le gach aerárthach cé is moite de na haerárthaí sin i nGrúpa 1 mar a leagtar amach i bPointe 66.A.5(1) agus roinntear é sna ‘rátálacha córais’ seo a leanas:

— cumarsáid/loingseoireacht (com/nav),

— ionstraimí,

— uatheitilt,

— faireachas,

— córais aerfhráma.

Beidh rátáil chórais amháin, ar a laghad, i gceadúnas B2L.

(5) Catagóir B3

Tá an ceadúnas B3 infheidhme maidir le heitleáin innill loiní nach bhfuil brúchóirithe ag a bhfuil MTOM 2 000 kg agus faoina bhun sin.

(6) Roinntear catagóir L sna fochatagóirí seo a leanas:

— L1C: seoleitleáin ilchodacha,

— L1: seoleitleáin,

— L2C: seoleitleáin chumhachtaithe ilchodacha agus eitleáin ELA1 ilchodacha,

— L2: seoleitleáin chumhachtaithe agus eitleáin ELA1,

— L3H: balúin aeir the,

— L3G: balúin gháis,

— L4H: aerlonga aeir the,

— L4G: aerlonga gáis ELA2,

— L5: aerlonga gáis cé is moite de ELA2.

(7) Catagóir C

Tá an ceadúnas C infheidhme maidir le heitleáin agus héileacaptair.

(8) Nuair is féidir a mheas go bhfuil aerárthach san áireamh i níos mó ná ceann amháin de na catagóirí nó na fochatagóirí thuas, sonróidh an Ghníomhaireacht, bunaithe ar shaintréithe an aerárthaigh, catagóir nó fochatagóir nó catagóirí nó fochatagóirí an cheadúnais is infheidhme maidir leis an aerárthach ar bhileog sonraí a dheimhnithe cineáil.’;

(b) Ina theannta sin, maidir le haerárthaí agus teaglamaí aerárthaí agus córas tiomána nach dtagraítear dóibh i bpointe (a), is í an chatagóir/fhochatagóir cheadúnais nó na catagóirí/fochatagóirí ceadúnais a shainaithneoidh an Ghníomhaireacht an ceann nó na cinn is infheidhme.

Sainaithneoidh an Ghníomhaireacht an chatagóir/fhochatagóir cheadúnais nó na catagóirí/fochatagóirí ceadúnais sin sna sonraí oiriúnachta oibríochtúla arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, agus tuarascáil ón iarratasóir ar an deimhniú cineáil d'aerárthaí, nó ó shealbhóir an deimhnithe cineáil d'aerárthaí, á cur san áireamh, ar tuarascáil í ina ndéantar measúnú ar ailtireacht agus ar chórais an aerárthaigh (agus an chórais tiomána) i gcomparáid le siollabas na modúl buneolais agus na leibhéil eolais, de réir mar is ábhartha don chatagóir nó don fhochatagóir cheadúnais ainmnithe, agus do na pribhléidí a bhunaítear in 66.A.20.';

(3) i bpointe 66.A.5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (1) agus (2):

'(1) Is éard atá i nGrúpa 1:

(i) eitleáin atá deimhnithe le haghaidh MTOM is mó ná 5 700 kg; eitleáin atá deimhnithe d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán déag; eitleáin atá deimhnithe chun oibriú le foireann íosta de bheirt phíolótaí ar a laghad; eitleáin atá feistithe le hinneall turba-scairde (amháin) nó le hinnill turba-scairde nó le níos mó ná inneall turba-liáin amháin; eitleáin ag a bhfuil uas-airde oibriúcháin dheimhnithe is mó ná FL290 agus a chumhachtaítear le córas tiomána cé is moite de chóras loine; eitleáin ag a bhfuil córas tiomána nach córas loine, tuirbín ná leictreach é;

(ii) héileacaptair atá deimhnithe le haghaidh MTOM is mó ná 3 175 kg; héileacaptair atá deimhnithe d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán; héileacaptair atá deimhnithe chun oibriú le foireann íosta de bheirt phíolótaí ar a laghad; héileacaptair atá feistithe le níos mó ná inneall amháin; héileacaptair atá feistithe le córas tiomána nach córas loine, tuirbín ná leictreach é;

(iii) aerlonga gáis cé is moite de ELA2;

(iv) aerárthaí neamhghnácha; agus

(v) aerárthaí atá feistithe le córais eitilte shreangrialaithe.

D'ainneoin na chéad mhíre, féadfaidh an Ghníomhaireacht a chinneadh aerárthach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa chéad mhír a aicmiú i bhfoghrúpa de Ghrúpa 2, de Ghrúpa 3 nó de Ghrúpa 4, de réir mar is iomchuí, má mheasann sí go bhfuil údar leis sin mar gheall ar chastacht níos ísle an aerárthaigh áirithe sin.

(2) Grúpa 2: aerárthaí cé is moite de na haerárthaí sin i nGrúpa 1 a bhaineann leis na foghrúpaí seo a leanas:

(i) foghrúpa 2a: eitleáin innill turba-liáin aonair,

(ii) foghrúpa 2b: héileacaptair innill tuirbín aonair,

(iii) foghrúpa 2c: héileacaptair innill aonloine,

(iv) foghrúpa 2E: eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach';

(4) i bpointe 66.A.20(a), cuirtear an pointe 8 seo a leanas leis:

'8. Ina theannta sin, leathnaítear na pribhléidí i bpointí 1 go 7 chuig aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 66.A.3 le haghaidh na catagóire/na fochatagóire cheadúnais comhfhreagraí nó na gcatagóirí/bhfochatagóirí comhfhreagracha a shainaithnítear a bheith infheidhme sna sonraí oiriúnachta oibríochtúla a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 le haghaidh na n-aerárthaí sin.';

(5) leasaítear pointe 66.A.30 mar a leanas:

(a) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(i) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'1. maidir le catagóir A, fochatagóirí B1.2, B1.E agus B1.4 agus catagóir B3:';

(ii) leasaítear pointe 3 mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) Taithí 5 bliana ar phribhléidí de chatagóir B1.2, B1.E, B1.4 nó L5 a fheidhmiú mar bhall foirne tacaíochta, nó mar bhall foirne tacaíochta agus mar bhall foirne deimhniúcháin araon, i gcomhréir le pointe 145.A.35 d’Iarscríbhinn II (Cuid-145), in eagraíocht chothabhála a oibríonn ar aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha, lena n-áirítear taithí 12 mhí mar bhall foirne tacaíochta do chothabháil trom; nó’;

— i bpointe (iv), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Taithí 2 bhliain ar phribhléidí de chatagóir B1.1, B1.2, B1.E, B1.3, B1.4, B2 nó L5 a fheidhmiú mar bhall foirne tacaíochta, nó mar bhall foirne tacaíochta agus mar bhall foirne deimhniúcháin araon, i gcomhréir le pointe 145.A.35 d’Iarscríbhinn II (Cuid-145), in eagraíocht chothabhála a oibríonn ar aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha, lena n-áirítear taithí 6 mhí mar bhall foirne tacaíochta do chothabháil trom; nó’;

(b) cuirtear an pointe (da) seo a leanas isteach:

‘(da) D’ainneoin phointí (a), (b) agus (d), is éard a bheidh i dtaithí phraiticiúil ar chothabháil agus taithí a fuarthas le déanaí ar chothabháil maidir le haerárthaí dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 66.A.3, uasmhéid 50 % den taithí phraiticiúil ar chothabháil agus den taithí a fuarthas le déanaí ar chothabháil a cheanglaítear i bpointí (a), (b) nó (d) i ndáil leis an gcatagóir/bhfochatagóir cheadúnais nó na catagóirí/fochatagóirí ceadúnais ar ar féidir na haerárthaí sin a fhormhuiniú.’;

(6) leasaítear pointe 66.A.45 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) I gcás ceadúnais nach ceadúnais de chatagóir C iad, sa bhreis ar cheanglais phointe (b), ní mór an oiliúint chomhfhreagrach le linn na hoibre a chur i gcrích go sásúil chun an chéad rátáil cineáil aerárthaigh laistigh de chatagóir/d’fhochatagóir ar leith a fhormhuiniú. Comhlíonfaidh an oiliúint sin le linn na hoibre Foscríbhinn III a ghabhann le hIarscríbhinn III (Cuid-66), ach amháin i gcás aerlong gáis, agus sa chás sin formheasfaidh an t-údarás inniúil go díreach í.

Ní fhéadfar an oiliúint le linn na hoibre ar aerárthach dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 66.A.3 a mheas chun críche an ceadúnas a fhormhuiniú mar an chéad rátáil cineáil aerárthaigh laistigh de chatagóir/d’fhochatagóir ar leith, mar a thugtar tuairisc sa mhír roimhe seo, ach nuair a bhunaítear amhlaidh i sonraí oiriúnachta oibríochtúla an aerárthaigh.

Seachas sin, féadfar aerárthach dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 66.A.3 a fhormhuiniú mar chéad rátáil cineáil aerárthaigh laistigh de chatagóir/d’fhochatagóir ar leith tar éis an oiliúint chomhfhreagrach le linn na hoibre a chur i gcrích go sásúil, ach i gcás den sórt sin, beidh gá le hoiliúint bhreise le linn na hoibre don fhormhuiniú ar an gceadúnas laistigh den chatagóir/fhochatagóir sin den chéad rátáil cineáil aerárthaigh a bhaineann leis na catagóirí dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 66.A.3.’;

(b) cuirtear an pointe (da) seo a leanas isteach:

‘(da) De mhaolú ar phointí (b) agus (d) agus le linn na chéad 30 mí tar éis deimhniú cineáil a bheith faighte ag cineál nua aerárthaigh, féadfar ceadúnas cothabhála aerárthaí a fhormhuiniú leis an rátáil chomhfhreagrach cineáil aerárthaigh do chatagóir nó d’fhochatagóir ar leith bunaithe ar oiliúint iomlán arna soláthar ag an monaróir, lena n-áirítear an eilimint oiliúna praiticiúla ar an láthair, ar choinníoll nach í an rátáil cineáil aerárthaigh an chéad aerárthach a formhuiníodh don (fho)chatagóir sin.

Déanfar an oiliúint sin ar leibhéal agus ar fhad a chomhlíonann na cuspóirí céanna leo siúd i bpointí 5 (a), (b) agus (c) d’Fhoscríbhinn III, agus clúdófar léi sonraí cothabhála ábhartha ar an leibhéal eolais agus an raon feidhme is gá don (fho)chatagóir ceadúnais cothabhála aerárthaí sin.

Eiseoidh duine freagrach de chuid an mhonaróra aerárthaí tuarascáil chríochnaitheach ina ndearbhófar gur comhlíonadh ceanglais an phointe 66.A.45(da) seo.’;

(7) i bhFoscríbhinn I, leasaítear pointe 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad tábla:

‘Modúl ábhair	B1.1 A1	B1.2 A2	B1.E	B1.3 A3	B1.4 A4	B3	B2	B2L	C
	Inneall tuirbín	Inneall loiní	Eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach agus MTOM faoi bhun 5 700 kg	Inneall tuirbín	Inneall loine	Eitleáin innill loiní nach bhfuil brúchóirithe MTOM ≤ 2 t			
1. MATAMAITIC	X	X	X	X	X	X	X	X	X
2. FISIC	X	X	X	X	X	X	X	X	X
3. BUNPHRIONASABAIL AN LEICTREACHAIS	X	X	X	X	X	X	X	X	X
4. BUNPHRIONASABAIL NA LEICTREONAICE	X (n/bh i gcás A1)	X (n/bh i gcás A2)	X	X (n/bh i gcás A3)	X (n/bh i gcás A4)	X	X	X	X
5. TEICNÍCÍ DIGITEACHA/CÓRAIS IONSTRAIME LEICTREONACHA	X	X	X	X	X	X	X	X	X
6. ÁBHAIR AGUS CRUA-EARRAÍ	X	X	X	X	X	X	X	X	X
7. CLEACHTAIS CHOTHABHÁLA	X	X	X	X	X	X	X	X	X
8. AERAIDINIMIC BHUNÚSACH	X	X	X	X	X	X	X	X	X
9. TOSCA DAONNA	X	X	X	X	X	X	X	X	X
10. REACHTAÍOCHT EITLÍOCHTA	X	X	X	X	X	X	X	X	X
11. AERAIDINIMIC, STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS EITLEÁN	X	X	X	n/bh	n/bh	X	n/bh	n/bh	11, 15 & 17 mar B1.1 nó 11, 16 & 17 mar B1.2 nó 11, 17 & 18 mar B1.E nó 12 & 15 mar B1.3 nó 12 & 16 mar B1.4 nó 13 & 14 mar B2”
12. AERAIDINIMIC, STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS HÉILEACAPTAR	n/bh	n/bh	n/bh	X	X	n/bh	n/bh	n/bh	
13. AERAIDINIMIC, STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS AERÁRTHAÍ	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	X	X	
14. TIOMÁINT	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	X	X	
15. INNEALL GÁSTUIRBÍN	X	n/bh	n/bh	X	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	
16. INNEALL LOINÍ	n/bh	X	n/bh	n/bh	X	X	n/bh	n/bh	
17. LIÁN	X	X	X	n/bh	n/bh	X	n/bh	n/bh	
18. CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH	n/bh	n/bh	X	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh‘;	

(b) sa tábla a chomhfhreagraíonn do Mhodúl 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 7.4:

‘7.4 Guaiseacha sábháilteachta féideartha nuair atáthar ag obair le córais leictreacha agus le trealamh cosanta	3	3	3‘;

(c) leasaítear an tábla a chomhfhreagraíonn do Mhodúl 11 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró teidil:

‘MODÚL 11. AERAIDINIMIC, STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS EITLEÁN	LEIBHÉAL				
	A1	A2	B1.1	B1.2 / B1.E	B3‘;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh fhomhodúl 11.8:

‘11.8	Cosaint dóiteáin (ATA 26)					
	(a) Córas braite dóiteáin agus deataigh agus córais múchta dóiteáin;	1	1	3	3	—
	(b) Múchtóir dóiteáin inaistrithe.	1	1	1	1	1‘;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh fhomhodúl 11.10:

‘11.10	Córais bhreosla (ATA 28, ATA 47)					
	(a) Leagan amach na gcóras;	1	1	3	3/-	1
	(b) Láimhseáil breosla;	1	1	3	3/-	1
	(c) Tásc agus rabhaidh;	1	1	3	3/-	1
	(d) Córais speisialta;	1	—	3	—	—
	(e) Cothromú.	1	—	3	—	—‘;

(d) sa tábla a chomhfhreagraíonn do Mhodúl 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh fhomhodúl 14.1:

‘14.1 Innill		
	(a) Innill tuirbín;	1
	(b) Aonaid chumhachta chúnta;	1
	(c) Innill loiní;	1
	(d) Córais tiomána leictreacha agus hibrideacha agus córais cúnta;	2
	(e) Rialú innill.	2‘;

(e) sa tábla a chomhfhreagraíonn do Mhodúl 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró teidil:

	LEIBHÉAL	
‘MODÚL 17. LIÁN	A1 A2	B1.1 B1.2 B1.E B3‘;

(f) cuirtear isteach an tábla seo a leanas a chomhfhreagraíonn do Mhodúl 18:

‘MODÚL 18. CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH

MODÚL 18. CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH	LEIBHÉAL
	B1.E
18.1 Bunphrionsabail	3
18.2 Feidhmíocht innill	3
18.3 Déantús innill	3
18.4 Córas fuinnimh leictreach	3
18.4.1 Ceallraí agus gabhálais	3
18.4.2 Breosla-chealla agus gabhálais	3
18.4.3 Córais dáileacháin cumhachta	3
18.4.4 Rialú leictreonach innill	3
18.5 Córais tásctha innill	3

MODÚL 18. CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH	LEIBHÉAL
	B1.E
18.6 Suiteáil córais tiomána	3
18.7 Faireachán innill agus oibríocht talún	3
18.8 Stóráil agus caomhnú innill	3‘;

(8) leasaítear Foscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.11:

‘2.11. MODÚL 11 AERAIDINIMIC, STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS EITLEÁN

Catagóir A1: 108 gceist ilrogha, gan aon cheist aiste.

An t-am a cheadaítear: 135 nóiméad.

Catagóir A2: 72 cheist ilrogha, gan aon cheist aiste.

An t-am a cheadaítear: 90 nóiméad.

Catagóir B1.1: 140 ceist ilrogha, gan aon cheist aiste.

An t-am a cheadaítear: 175 nóiméad.

Catagóir B1.2 agus B1.E: 100 ceist ilrogha, gan aon cheist aiste.

An t-am a cheadaítear: 125 nóiméad.

Catagóir B3: 60 ceist ilrogha, gan aon cheist aiste.

An t-am a cheadaítear: 75 nóiméad.’;

(b) cuirtear isteach an pointe 2.18 seo a leanas:

‘2.18. MODÚL 18 – CÓRAS TIOMÁNA LEICTREACH

Catagóir B1.E: 76 cheist ilrogha, gan aon cheist aiste.

An t-am a cheadaítear: 95 nóiméad.’;

(9) leasaítear Foscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 3.1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) Fad:

Tá na huaireanta teagaisc íosta d’oiliúint theoiriciúil sa tábla seo a leanas:

Catagóir	Uaireanta
Eitleáin (*) ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh is mó ná 30 000 kg:	

Catagóir	Uaireanta
B1.1	150
B1.2	120
B2	100
C	30
Eitleáin (*) ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh acu atá cothrom le 30 000 kg nó faoina bhun agus os cionn 5 700 kg:	
B1.1	120
B1.2	100
B2	100
C	25
Eitleáin (*) ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh is mó 5 700 kg agus faoin bhun (**)	
B1.1	80
B1.2	60
B1.E	60
B2	60
C	15
Héileacaptair (*) (***)	
B1.3	120
B1.4	100
B2	100
C	25
Eitleáin agus héileacaptair nach luaitear thuas agus aerárthaí neamhghnácha	
B1, B2 agus C	OSD

(*) – eitleán ag a bhfuil inneall loiní nó tuirbín nó córas tiomána leictreach nó héileacaptar ag a bhfuil inneall loiní nó tuirbín.
(**) I gcás eitleán nach bhfuil brúchóirithe faoi bhun MTOM 2 000 kg ag a bhfuil inneall loiní nó córas tiomána leictreach, is féidir an íostréimhse a laghdú 50 %.
(***) Maidir le héileacaptair i nGrúpa 2 (mar a shainítear i bpointe 66.A.5), is féidir an fad íosta a laghdú 30 %.

Sa tábla thuas, ciallaíonn 'OSD' mar a shainítear sna sonraí oiriúnachta oibríochtúla a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, agus tuarascáil ón iarratasóir ar an deimhniú cineáil aerárthaigh, nó ó shealbhóir an deimhnithe cineáil aerárthaigh, á cur san áireamh, ar tuarascáil í ina bhfuil measúnú ar na heilimintí teoiriciúla is gá maidir le heolas faoin aerárthach, i bhfianaise na catagóire/na fochatagóire ceadúnais is infheidhme ar a gceadófaí an cineál aerárthaigh a fhormhuiniú i gcomhréir le pointe 66.A.3.

Chun críoch an tábla thuas, ciallaíonn uair teagaisc 60 nóiméad teagaisc agus ní áirítear leis sosanna, scrúdú, athbhreithniú, ullmhúchán ná cuairt ar aerárthaí.

Níl feidhm ag na huaireanta sin ach amháin maidir le cúrsaí teoiriciúla le haghaidh teaglamaí d'aerárthaí/innill iomlána de réir na rátála cineáil arna sainiú ag an nGníomhaireacht.';

(ii) i bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Leibhéal Caibidlí	Eitleáin tuirbíntiomanta		Eitleáin loinethiomanta		Eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach		Héileacaptair tuirbíntiomanta		Héileacaptair loinethiomanta		Eitleonaic
Catagóir cheadúnais	B1.1	C	B1.2	C	B1.E	C	B1.3	C	B1.4	C	B2
Modúl réamhrá:											
05 Teorainneacha ama/ seiceálacha cothabhála	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
06 Toisí/limistéir (MTOM, etc.)	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
07 Ardú agus cur sa chliabhán	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
08 Leibhéaladh agus meá	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
09 Tarraingt agus inleadh	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
10 Páirceáil/múráil, stóráil agus filleadh ar an tSeirbhís	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
11 Plátaí táscacha agus marcálacha	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
12 Seirbhísiú	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
20 Cleachtais chaighdeánacha — nach mbaineann ach leis an gcineál	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/111/oj

‘Leibhéal Caibidlí		Eitleáin tuirbíntiomanta		Eitleáin loinethiomanta		Eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach		Héileacaptair tuirbíntiomanta		Héileacaptair loinethiomanta		Eitleonaic
Héileacaptar												
18	Anailís chreathaidh agus torainn (rianú lann)	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	—
60	Cleachtais chaighdeánacha — rótair	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	—
62	Rótair	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	1
62A	Rótair — faireachán agus léiriú	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	3
63	Tiomáint rótair	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	1
63A	Tiomáint rótair — faireachán agus léiriú	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	3
64	Rótar deiridh	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	1
64A	Rótar deiridh — faireachán agus léiriú	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	3
65	Tiomáint rótair deiridh	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	1
65A	Tiomáint rótair deiridh — faireachán agus léiriú	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	3
66	Lanna/piolón infhillte	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	—
67	Rialú eitilte rótar	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	—
53	Struchtúr aerfhráma (héileacaptar)	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	—
25	Trealamh snámhachta éigeandála	—	—	—	—	—	—	3	1	3	1	1

'Leibhéal Caibidlí	Eitleáin tuirbíntiomanta		Eitleáin loinethiomanta		Eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach		Héileacaptair tuirbíntiomanta		Héileacaptair loinethiomanta		Eitleonaic
Struchtúir aerfhráma											
51 Cleachtais agus struchtúir chaighdeánacha (aicmiú, measúnú agus deisiú damáiste)	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
53 Cabhail	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
54 Naoisilí/piolóin	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
55 Cobhsaitheoirí	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
56 Fuinneoga	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
57 Sciatháin	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
52 Doirse	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
Córais sainaitheantais creasa agus stáisiúin	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Córais aerfhráma											
21 Aerchóiriú	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
21A Soláthar aeir	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	2
21B Brúchóiriú	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
21C Feistí sábháilteachta agus rabhaidh	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
22 Uatheitilt	2	1	2	1	2	1	2	1	2	1	3
23 Cumarsáid	2	1	2	1	2	1	2	1	2	1	3
24 Cumhacht leictreach	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
25 Trealamh agus feistis	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	1
25A Trealamh leictreonach lena n-áirítear trealamh éigeandála	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1	3

'Leibhéal Caibidlí		Eitleáin tuirbíntiomanta		Eitleáin loinethiomanta		Eitleáin ag a bhfuil córas tiomána leictreach		Héileacaptair tuirbíntiomanta		Héileacaptair loinethiomanta		Eitleonaic
26	Cosaint dóiteáin	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
27	Rialuithe eitilte	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	2
27A	Oibriú córas: leictreach/ sreangrialaithe	3	1	—	—	3	1	3	1	—	—	3
28	Córais bhreosla	3	1	3	1	—	—	3	1	3	1	2
28A	Córais bhreosla — faireachán agus léiriú	3	1	3	1	—	—	3	1	3	1	3
29	Cumhacht hiodrálach	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	2
29A	Cumhacht hiodrálach — faireachán agus léiriú	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
30	Cosaint oighir agus báistí	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
31	Córais táscta/taifeadta	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
31A	Córais ionstraime	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
32	Fearas tuirlingthe	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	2
32A	Fearas tuirlingthe — faireachán agus léiriú	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
33	Soilse	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
34	Loingseoireacht	2	1	2	1	2	1	2	1	2	1	3
35	Ocsaigin	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	2
36	Neomataic	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	2
36A	Neomataic — faireachán agus léiriú	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	3
37	Folús	3	1	3	1	3	1	3	1	3	1	2
38	Uisce/dramhaíl	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	2
41	Ballasta uisce	3	1	3	1	3	1	—	—	—	—	1
42	Eitleonaic mhodúlach chomhtháite	2	1	2	1	2	1	2	1	2	1	3

